# Léaráid Venn

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Sonraí – sórtáil<br>Uimhreas – rialacha agus airíonna, patrúin agus gaolta<br>*Comhtháthú – Teanga* |
| **Scileanna Forbartha** | Cur i bhfeidhm agus réiteach fadhbanna matamaiticiúla – ábhair agus próisis oiriúnacha a roghnú le haghaidh tascanna agus feidhmeanna matamaiticiúla<br><br>Cumarsáid agus cur in iúl – éisteacht le cuntais agus míniúcháin mhatamaiticiúla de chuid páistí eile agus iad a phlé<br><br>Réasúnaíocht – patrúin agus gaolta matamaiticiúla a aithint agus a chumadh |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | iolraithe de 3, 4 srl. is iolraí de 12 é 4, corruimhir, ré-uimhir |
| **Áiseanna** | Uirlis Sórtála Mol Mata, fonsaí, Léaráid Venn ar pháipéar |

## Cur Síos ar an nGníomhaíocht

Is féidir an ghníomhaíocht seo a dhéanamh mar ghníomhaíocht fhisiceach shórtála, nó ag úsáid Uirlis Sórtála Mol Mata nó ar pháipéar.

1. **Gníomhaíocht 1**
   Mar ghníomhaíocht don rang uile, sórtálann na daltaí uimhreacha 1-20 ar Léaráid Venn trasnach ag úsáid critéar a mholann siad iad féin. Mar shampla, corruimhreacha agus iolraithe de 3.

2. **Gníomhaíocht 2**
   Oibríonn daltaí ina n-aonar nó i mbeirteanna chun na critéir eile maidir le sórtáil uimhreacha 1-20 a shocrú.


3. **Gníomhaíocht 3**
   Roghnaíonn daltaí a raon uimhreacha féin agus socraíonn siad a gcuid critéar féin le haghaidh a Léaráidí Venn. Mar shampla, uimhreacha 20-50.

## Ceisteanna Samplacha


| Ceisteanna Dúnta | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cé mhéad iolraí de 'x' atá ina gcorruimhreacha/ré-uimhreacha? | • Cad a thugann tú faoi deara faoi uimhreacha 1-2 / 20-50?<br>• Cad a thugann tú faoi deara faoi na hiolraithe de 'x'?<br>• Cad iad na huimhreacha eile a mbeadh patrún den chineál céanna ag baint leo agus cén fáth a mbeadh siad mar a chéile? |

## Difreáil

D'fhéadfadh na daltaí cártaí figiúirí a shórtáil go fisiceach más cuí.
Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.



Léaráid Venn



Léaráid Venn